

Ceadúnas um Fhaisnéis ón Earnáil Phoiblí

Coinníollacha maidir le hAthúsáid Faisnéise ón Earnáil Phoiblí

Faisnéis a úsáid faoin gceadúnas seo

- Má úsáidtear aon fhaisnéis, tugann sin le fios go nglacann an t-úsáideoir leis na téarmaí thíos.
- Deonaíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ceadúnas domhanda, saor ó ríchíos, síoraí, neamheisiach chun an Fhaisnéis a úsáid, lena n-áirítear chun críocha tráchtála, faoi réir na dtéarmaí thíos.

Féadfaidh úsáideoirí:

- An Fhaisnéis a chóipeáil, mionathrú, foilsiú, aistriú, oiriúnú, seachadadh nó a úsáid ar bhealach eile in aon mheán, mhodh nó formáid chun aon chríche dlíthiúil.

Ní mór d'úsáideoirí:

- Aitheantas a thabhairt d'fhoirse na Faisnéise tríd an ráiteas sannta seo a leanas a áireamh:

'Faisnéis arna cur ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi cheadúnas Sannta Idirnáisiúnta Creative Commons 4.0 (CC BY 4.0).'

agus nuair is féidir, nasc a chur ar fáil leis an gceadúnas seo.

- Má tá Faisnéis á húsáid ó roinnt soláthraithe Faisnéise agus mura bhfuil ilshannta praiticiúil don táirge nó feidhmchlár, ní mór d'úsáideoirí an ráiteas sannta seo a leanas a úsáid:

'Tá Faisnéis ó Earnáil Phoiblí na hÉireann anseo faoi cheadúnas Sannta Idirnáisiúnta Creative Commons 4.0 (CC BY 4.0).'

Níl sé riachtanach ó thaobh an dlí de go dtagrófaí sa sannadh don eagraíocht ar leith san earnáil phoiblí a bhfuil an fhaisnéis á soláthair acu.

Tá téarmaí an cheadúnais seo tábhachtach, agus má theipeann ar úsáideoirí cloí le ceachtar díobh, tiocfaidh deireadh go huathoibríoch leis na cearta a dheonaítear faoin gceadúnas seo, nó faoi aon cheadúnas cosúil leis a dheonaigh an Soláthraí Faisnéise.

Díolúintí

Ní bhronnann an ceadúnas seo aon cheart ar úsáideoirí na nithe seo a úsáid:

- Faisnéis Phearsanta, mura mbaintear amach nó agus/nó mura gcomhbhailítear an t-ainm a dhóthain;

- cearta tríú páirtí agus cearta um maoin intleachtúil eile nach bhfuil údarás ag na Coimisinéirí loncaim chun ceadúnas a thabhairt ina leith, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, phaitinní, cóipcheart, cearta bunachar sonraí nó trádmharcanna;
- ainmneacha, suaitheantais, lógónna, nó siombailí oifigiúla eile na gCoimisinéirí loncaim.

Neamh-fhormhuiniú

Ní dheonaíonn an ceadúnas seo aon cheart chun an fhaisnéis a úsáid ar bhealach a thugann aon stádas oifigiúil le fios nó a thugann le fios go bhformhuiníonn na Coimisinéirí loncaim aon táirge ná aon úsáid eile as an bhfaisnéis.

Gan Bharántas

Ceadúnaítear an fhaisnéis seo ‘mar atá’ agus eisiann na Coimisinéirí loncaim gach ionadaíocht, barántas, dualgas agus dliteanas i ndáil leis an bhFaisnéis a mhéid is mó agus a cheadaítear de réir an dlí.

Níl na Coimisinéirí loncaim faoi dhliteanas as aon earráidí ná easnaimh san fhaisnéis agus ní bheidh siad faoi dhliteanas as aon chailteanas, gortú nó damáiste de chineál ar bith a tharlaíonn mar thoradh ar a húsáid. Ní ráthaíonn na Coimisinéirí loncaim soláthar leanúnach na faisnéise.

Dlí Rialaithe

Déantar an Ceadúnas seo faoi dhlíthe na hÉireann agus tagann siad faoi dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann.